Poist Nua

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar thuairisc faoin chomhlacht *Abtran*. Sula bhféachann tú ar an tuairisc féach féin agus an duine in aice leat ar na focail thíos. An dtuigeann sibh iad?

lárnach
straitéis ghnó
réimse leathan seirbhísí
gné
taighde
ag lorg margaí
ag leathnú amach
onnmhairigh
ciorraithe
ag baint tairbhe as
claonadh

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc cúpla uair. An bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach?

1. Tá trí chéad post le cruthú sa chomhlacht *Abtran*.	
2. Má bhíonn fadhb agat le do bhille leictreachais cuireann tú glao ar an uimhir ar an mbille agus labhraíonn tú le duine ó Bhord Soláthair an Leictreachais.	
3. Níl suim ag *Abtran* leathnú amach ar fud an domhain.	
4. Tá Frank Ryan ag súil le dea-scéalta fostaíochta i mbliana.	
5.Tá *Abtran* ag déanamh ciorruithe agus ag iarraidh an fhoireann a laghdú.	

Ceist 3 '…mar **bíonn** taighde…'

(a) Cén aimsir atá i gceist leis an fhocal **i gcló dubh**?
(b) Bain úsáid as na briathra seo chun na rialacha a bhaineann leis an aimsir láithreach a chur in iúl: bris / dún / clúdaigh / mínigh
(c) Conas a chuirtear ceist san aimsir seo?
(d) Conas a thugtar freagra diúltach san aimsir seo?

Ceist 4 Éist leis an mhír arís agus breac síos an uimhir iolra de na focail seo atá le cloisteáil inti.

seirbhís:	_____	conradh:	_____
comhlacht:	_____	glao:	_____
margadh:	_____	earra:	_____
scéal:	_____	oibrí:	_____

Ceist 5 '…is olc an ghaoth nach séideann do dhuine…'

(a) Cad is brí leis an seanfhocal thuas?

(b) Cad is brí leis na cinn seo thíos:

Aithníonn ciaróg ciaróg eile.
Is glas iad na cnoic i bhfad uainn.
Ní hé lá na gaoithe lá na scoilb.
Is minic a bhris béal duine a shrón.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
central – lárnach
business strategy – straitéis ghnó
wide range of services – réimse leathan seirbhísí
aspect – gné
research – taighde
looking for markets – ag lorg margaí
expanding – ag leathnú amach
exported – onnmhairíodh
cuts – ciorruithe
benefiting from – ag baint tairbhe as
trend – claonadh

Ceist 2
1. Fíor
2. Bréagach
3. Bréagach
4. Fíor
5. Bréagach

Ceist 3
(a) Aimsir ghnáthláithreach.
(b) / (c) / (d)

Brisim	Dúnaim	Clúdaím	Míním
Briseann tú	Dúnann tú	Clúdaíonn tú	Míníonn tú
Briseann sé/sí	Dúnann sé/sí	Clúdaíonn sé/sí	Míníonn sé/sí
Brisimid	Dúnaimid	Clúdaímid	Mínímid
Briseann sibh	Dúnann sibh	Clúdaíonn sibh	Míníonn sibh
Briseann siad	Dúnann siad	Clúdaíonn siad	Míníonn siad
An mbriseann sé?	An ndúnann tú?	An gclúdaíonn siad?	An míníonn sibh?
Ní bhriseann.	Ní dhúnaim.	Ní chlúdaíonn.	Ní mhíníonn.

Ceist 4

seirbhís:	seirbhísí	conradh:	conarthaí
comhlacht:	comhlachtaí	glao:	glaonna
margadh:	margaí	earra:	earraí
scéal:	scéalta	oibrí:	oibrithe

Ceist 5
(a)
It's an ill wind that blows nobody good.
(b)
Aithníonn ciaróg ciaróg eile – *it takes one to know one.*
Is glas iad na cnoic i bhfad uainn – *far away hills are greener*
Ní hé lá na gaoithe lá na scoilb – *the windy day is not the day for thatching.*
Is minic a bhris béal duine a shrón – *it's often a person's mouth broke his nose.*

Éimear Ní Chonaola
Sampla maith é *Abtran* i gCorcaigh den chineál comhlachta atá lárnach i straitéis ghnó an rialtais a deir an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta Batt O'Keefe. D'fhógair sé ar maidin go bhfuil trí chéad post nua le cruthú in *Abtran* roimh dheireadh na bliana 2012. Tá an scéal ag Greta O'Connor.

Greta O'Connor
Míle duine atá fostaithe in *Abtran* faoi láthair agus réimse leathan seirbhísí á gcur ar fáil dá gcuid cliant[1]. Go bunúsach, gabhann *Abtran* conarthaí ó mhórchomhlachtaí chun aire a thabhairt de ghné éigin d'obair an chomhlachta sin. Mar shampla, má bhíonn fadhb agat le do bhille leictreachais agus má ghlaonn tú ar an uimhir atá luaite ar an mbille, is le duine éigin anseo a bheidh tú ag caint agus ní le duine atá fostaithe go díreach ag an mBord Soláthair Leictreachais. Is mar a chéile a bhíonn an scéal le glaonna chuig *Aviva*, *Sky TV* agus a lán comhlachtaí eile. Dár ndóigh, níl anseo ach cuid amháin den obair mar bíonn taighde ar siúl ag *Abtran* an t-am ar fad, ag lorg margaí nua dá gcuid seirbhísí agus ag leathnú amach ar fud an domhain.

Batt O'Keefe
Cuireann sé[2] in iúl dúinn go bhfuil an rialtas ag comhairliú le gnó fostaíochta chun na poist* seo a chur ar fáil, agus na poist* ardleibhéal, poist* ardleibhéal atá ann agus sin an rud is cóir dúinn mar rialtas a chur ar bun.

Greta O'Connor
Inniu dúirt Frank Ryan ó *Enterprise Ireland* go raibh an taoide tar éis casadh ó thaobh na tionsclaíochta de. Tháinig méadú suntasach ar líon na n-earraí a onnmhairíodh ó chomhlachtaí sa tír seo le sé mhí anuas, agus súil acu le go leor dea-scéalta fostaíochta i mbliana. Idir seo agus deireadh 2012 rachaidh líon na n-oibrithe anseo in airde go dtí míle trí chéad. Gach aon lá anois bíonn comhlachtaí ag déanamh ciorraithe agus ag iarraidh foireann a laghdú, ach tá *Abtran* ag baint tairbhe as an gclaonadh sin. Is olc an ghaoth nach séideann do dhuine éigin.

Greta O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh

- Is é *poist* ata sa chaighdeán ach baintear úsáid as an leagan *postanna* go forleathan sna meáin Ghaeilge.

[1] *clianta* a deirtear
[2] *tugann sé* a deirtear